Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7115/19**

**ENV 250**
**FIN 199**
**CLIMA 68**
**PROCIV 18**
**AGRI 120**
**FORETS 10**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6538/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An Treoir maidir le Tuilte: dul chun cinn déanta maidir le measúnú ar rioscaí, ach gá le feabhas a chur ar phleanáil agus cur chun feidhme" – Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 25/2018 dar teideal "An Treoir maidir le Tuilte: dul chun cinn déanta maidir le measúnú ar rioscaí, ach gá le feabhas a chur ar phleanáil agus cur chun feidhme", mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3676ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An Treoir maidir le Tuilte: dul chun cinn déanta maidir le measúnú ar rioscaí, ach gá le feabhas a chur ar phleanáil agus cur chun feidhme"**

**– Conclúidí ón gComhairle –**

Fógraíonn COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce an 17 Deireadh Fómhair 2016[1] agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú comhtháite tuilte laistigh den Aontas Eorpach an 12 Bealtaine 2011[2];

AG MEABHRÚ DI príomhionstraimí reachtacha an Aontais maidir le beartas uisce, go háirithe an Chreat-Treoir Uisce[3] agus an Treoir maidir le Tuilte[4], treoir a bhfuil sé mar aidhm léi na rioscaí do shláinte an duine, don chomhshaol, don oidhreacht chultúrtha agus do ghníomhaíocht eacnamaíoch, a ghabhann le tuilte, a laghdú agus a bhainistiú:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An Treoir maidir le Tuilte: dul chun cinn déanta maidir le measúnú ar rioscaí, ach gá le feabhas a chur ar phleanáil agus cur chun feidhme"[5];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na Barúlacha agus na Moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ gur rannchuidiú tráthúil tábhachtach iad don tSeiceáil Oiriúnachta leanúnach ar an gCreat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Tuilte; CUIREANN SÍ I dTREIS, áfach, gur cheart a chur san áireamh sa tSeiceáil Oiriúnachta sainiúlachtaí na réigiún geografach ar fad;

[1] 13342/16.
[2] 9241/11 + COR 1.
[3] Treoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).
[4] Treoir 2007/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2007 (IOAE L 288, 6.11.2007, lch. 27).
[5] Bunaíodh an Tuarascáil Speisialta seo ar chuairteanna iniúchóireachta ar abhantracha roghnaithe sna naoi mBallstát seo a leanas: An Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an Rómáin.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chonclúid sa Tuarascáil go bhfuil, a bhuí leis an Treoir maidir le Tuilte, feabhas tagtha ar an gcomhordú idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit agus ar an gcomhar trasteorann, agus go raibh ról dearfach ag an Treoir i dtaca le measúnú agus bainistiú riosca tuilte, agus i dtaca le gníomhaíochtaí a fhorbairt chun feasacht ar thuilte a mhúscailt i measc saoránach;

4. TUIGEANN SÍ, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta i dtaca le measúnú riosca tuilte, gur féidir fós feabhsuithe a chur ar ullmhú agus cur chun feidhme Phleananna Bainistithe Riosca Tuilte na mBallstát, go háirithe maidir le cuspóirí a shocrú, riachtanais airgeadais agus acmhainní comhfhreagracha a aithint, tionscadail a nascadh le tosaíochtaí socraithe na bPleananna Bainistithe Riosca Tuilte agus maidir le tionchair an athraithe aeráide a chomhtháthú níos fearr;

5. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a ghabhann le cur chun feidhme na Creat-Treorach Uisce agus na Treorach maidir le Tuilte a chomhordú agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LAIDIR torthaí na tuarascála go dtagann sineirgí de ghnáth as comhordú den saghas sin; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí, comhleanúnachas i gcur chun feidhme na mbeartas agus na reachtaíochta ábhartha a áirithiú, go háirithe, trína áirithiú go mbeidh an bonneagar nua tuilte i gcomhréir leis an gCreat-Treoir Uisce;

6. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS na buntáistí a ghabhann le bonneagar glas a úsáid chun riosca tuilte a chosc agus/nó a laghdú agus IARRANN SÍ AN ATHUAIR ar na Ballstáit cothromaíocht a lorg idir bonneagar glas agus bonneagar liath nuair a bheidh cuspóirí bheartas uisce an Aontais á gcur chun feidhme[6], agus AITHNÍONN SÍ ag an am céanna tíreolaíocht fhisiciúil, comhshaol agus dálaí aeráide éagsúla na mBallstát;

7. AITHNÍONN SÍ gur minice anois tuilte géara san Eoraip agus gur imthoisc ghéaraitheach é an t-athrú aeráide, a spreagann athruithe ar an bhfrasaíocht, ar phatrúin na haimsire agus ar leibhéil na mara, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an t-eolas agus an samhaltú ar thionchar an athraithe aeráide ar gach foinse bhia a fheabhsú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú in éineacht leis na Ballstáit chun uirlisí oiriúnacha a atreisiú agus/nó a fhorbairt ar fearr a ndéanfar anailís ar na tionchair sin leo;

---

6 Na Conclúidí ón gComhairle maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Uisce an 17 Deireadh Fómhair 2016, mír 6 (13342/16).

8. I bhFIANAISE an mhéadaithe a d'fhéadfadh teacht ar thionchar tuilte san Eoraip, TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na tuarascála i ndáil le cumhdach árachais ar thuilte agus, AG AITHINT DI an ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag árachas maidir le beart coisctheach a atreisiú agus téarnamh eacnamaíoch a fheabhsú tar éis tubaiste, IARRANN SÍ ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc an phobail maidir leis na buntáistí a ghabhann le hárachas tuilte agus féachaint ar bhearta comhair idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun cumhdach árachais a mhéadú;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an úsáid talún agus an phleanáil spáis a úsáid freisin mar uirlis do bhearta coisctheacha i gcomhthéacs an bhainistithe riosca tuilte, go háirithe i limistéir ina bhféadfadh riosca mór tuilte a bheith iontu;

10. TÁ SÍ AG TNÚTH LEIS an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an tSeiceáil Oiriúnachta ar ar an gCreat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Tuilte a fháil agus le tuilleadh plé i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara eile sa chomhthéacs sin.